Coimisiún na Meán

# Treoir Tháscach maidir le hIarratais ar Chonradh Craolacháin Fuaime Pobail

Foilsithe: Feabhra 2025

# Clár Ábhar


**1. RÉAMHRÁ** 4

**2. NÓSANNA IMEACHTA CHUN IARRATAS A CHUR ISTEACH** 6

**3. EOLAS D'IARRATASÓIRÍ** 8

3.1 Creat Reachtúil agus Beartais 8

3.2 An Limistéar Sonraithe 8

3.3 Measúnú ar Iarratais 8

3.4 An Mhaitrís Scórála 12

3.5 An Próiseas Cinnteoireachta 13

3.6 Deonú an Chonartha 14

3.7 Fad an Chonartha 14

3.8 Athruithe ar Chomhdhéanamh 14

3.9 Aistriú an Chonartha 14

**4. FORMÁID AN IARRATAIS** 15

Cuid 1 – Réamhrá maidir leis an Iarratasóir 15

Cuid 2 – Úinéireacht, Rialachas agus Bainistíocht 15

Cuid 3 – Pobal agus Sochar Sóisialta 17

Cuid 4 – Clársceidealú 19

Cuid 5 – Oibríochtaí 22

Cuid 6 – Cúrsaí Airgid agus Plean Gnó 26

Cuid 7 – Tús Beartaithe an Chraolacháin 28

**Iarscríbhinn 1 - Riachtanais Stiúideo** 29

**Iarscríbhinn 2 – Maitrís Shamplach Scórála** 30

Forchoimeádann Coimisiún na Meán an ceart aon chuid den Treoir Tháscach seo maidir le hIarratais ar Chonradh Craolacháin Fuaime Pobail ("Treoir") a leasú nó a shoiléiriú. Cuirtear an Treoir ar fáil mar Threoir shamplach chun cuidiú le hiarratasóirí ionchasacha tuiscint a fháil ar an bpróiseas ceadúnaithe reachtúil agus ar na ceanglais nach mór a chomhlíonadh le linn dóibh iarratas a dhéanamh ar chonradh craolacháin fuaime pobail de bhun alt 65(8) den Acht Craolacháin, 2009. Ní áirítear sa Treoir seo sonraí maidir le haon chonradh nó seirbhís chraolacháin fuaime ar leith ach tugtar le fios inti cá háit a n-áireofar na sonraí céanna.

Cuirfear aon leasuithe, soiléiriú nó eolas forlíontach den sórt sin in airde ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, www.cnam.ie.

Ba cheart gach ceist maidir leis an Treoir seo a sheoladh ar ríomhphost chuig licensing@cnam.ie

Nó sa phost nó ar an nguthán:
**Deonú Conarthaí,**
**Coimisiún na Meán,**
**1 Foirgnimh Shíol Bhroin,**
**Bóthar Shíol Bhroin,**
**Baile Átha Cliath 4, D04 NP20**

+353 1 6441200mailto:

# 1. RÉAMHRÁ

Sa Treoir seo, tagraíonn "An Coimisiún" don eagraíocht Coimisiún na Meán agus tagraíonn "an Coimisiún" d'orgán cinnteoireachta Choimisiún na Meán ina bhfuil Coimisiún ildaoine faoi stiúir ceathrar Coimisinéirí, na Coimisinéirí um Chraolachán agus Físeán ar Éileamh, Forbairt na Meán, Seirbhísí Digiteacha agus Sábháilteacht Ar Líne agus an Cathaoirleach Feidhmiúcháin.

De bhun alt 65(8), an [xxx], trí bhíthin fógra poiblí ar a shuíomh gréasáin agus i nuachtán áitiúil, d'iarr Coimisiún na Meán ("An Coimisiún") iarratais ar chonradh craolacháin fuaime chun an tseirbhís chraolacháin fuaime pobail seo a leanas a sholáthar:

[Cineál seirbhíse] [seirbhís phobail] [conraitheoir reatha (más infheidhme)]

Sa Treoir seo: sonraítear na nósanna imeachta a ghlacfar don phróiseas iarratais maidir leis an gconradh craolacháin fuaime pobail ar a bhfuil tuairisc thuas a bhronnadh; cuirtear treoraíocht ar fáil d'iarratasóirí maidir le ceanglais an Achta Chraolacháin, 2009 ("Acht 2009"); sainaithnítear beartais ábhartha an Choimisiúin; agus leagtar amach an t-eolas ba cheart a áireamh in iarratas.

Ní airbheartaíonn an Treoir a bheith uileghabhálach. Ba cheart d'iarratasóirí ionchasacha aird a thabhairt ar fhorálacha Acht 2009, go háirithe, ailt 64 agus 66 de, ina n-áirítear nithe nach mór don Choimisiún féachaint dóibh le linn dó iarratais a chinneadh ar a mbronnfar conradh craolacháin fuaime pobail, agus alt 69, ina leagtar amach roinnt de na coinníollacha conarthacha a fhorchuirfear ar iarratasóir rathúil.[1]

Ba cheart d'iarratasóirí aird a thabhairt ar bheartais an Choimisiúin freisin: an *Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin 2018*, an *Beartas Maidir Le Rialú Agus Úinéireacht (2019),* an *Beartas um Meáin Phobail 2021*, an *Creat um Shochar Sóisialta 2020* agus ar na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach iontu le linn dóibh iarratas a ullmhú. Tá na doiciméid sin ar fáil ach iad a iarraidh ón gCoimisiún agus tá siad ar fáil ar líne ar www.cnam.ie. Tá an Fhoireann Craoltóirí Cheadúnaithe sa Choimisiún ar fáil freisin le comhairle a sholáthar má bhíonn aon cheisteanna ag iarratasóirí ionchasacha maidir le hábhar na Treorach seo nó leis an bhformáid iarratais anseo. Ba cheart d'iarratasóirí aird ar leith a thabhairt ar na croíphrionsabail maidir le húinéireacht phobail, ionadaíocht, éagsúlacht agus ionchuimsiú, agus ar na sochair shóisialta níos leithne dá bhforáiltear sna meáin phobail in Éirinn, mar a leagtar amach i *mBeartas um Meáin Phobail* agus i *gCreat um Shochar Sóisialta* an Choimisiúin.

Is é misean an Choimisiúin tírdhreach meán a rialáil, tacú leis, agus a fhorbairt a bheidh mar bhonn taca ag cearta bunúsacha agus lena gcothaítear sochaí oscailte, dhaonlathach, agus iolraíoch. Aithníonn an Coimisiún go bhfeabhsaítear an éagsúlacht agus an iolarthacht i gcraolachán nuair a fheidhmítear meáin phobail, agus go bhforbraítear agus go gcumhachtaítear pobail Éireannacha, agus go dtógtar acmhainn laistigh d'earnáil an chraolacháin pobail. Rannchuidíonn an earnáil pobail go mór le tírdhreach meán a thugann tacaíocht don daonlathas, don ionadaíocht, don chumasú, agus don ionchuimsitheacht, atá inbhuanaithe agus iolraíoch, agus a léiríonn agus a mhúnlaíonn cé muid féin mar shochaí. Mar a leagtar amach ina Bheartas um Meáin Phobail, ghlac an Coimisiún leis an sainmhíniú seo a leanas ar mheáin phobail i gcomhthéacs na hÉireann:

> *"Is sainghné d'eagraíocht mheáin phobail ná a struchtúir úinéireachta, a léiriúchán ábhar agus/nó a gníomhaíochtaí scaipthe, agus an gaol atá aici leis an bpobal a bhfuil ceadúnas aici chun seirbhís a thabhairt dóibh. Tá sí faoi úinéireacht agus faoi smacht eagraíocht neamhbhrabúis a bhfuil struchtúr ann chun gur baill den phobal a bheadh ina gcomhaltaí agus i mbun bainistíochta go bunúsach. Tá a léiriúchán ábhar agus/nó a*

---

[1] Tá conradh craolacháin fuaime táscach chun seirbhís chraolacháin fuaime pobail a sholáthar ar fáil ach é a iarraidh ó oifig an Choimisiúin nó ar líne ar www.cnam.ie.

*gníomhaíochtaí scaipthe bunaithe ar rochtain agus rannpháirtíocht bhaill den phobal agus léiríonn sí leas agus riachtanais ar leith an phobail sin. Féachann an gaol atá aici leis an bpobal eagraíochtaí agus gníomhaíochtaí eile a athneartú a bhfuil sé mar aidhm acu an pobal sin a chumhachtú agus a fhorbairt."*

Ceanglaítear le hAcht 2009 go soláthróidh na meáin phobail tairbhe shóisialach dá bpobail. Is é seo a leanas an sainmhíniú maidir le sochar sóisialta i g*Creat um Shochar Sóisialta* an Choimisiúin, ar ar thángthas trí phróiseas comhairliúcháin:

*"Tairbhí do dhaoine aonair nó do ghníomhairí coiteanna sa phobal a chuireann feabhas ar a saol go sóisialta, go cultúrtha nó ar bhonn eacnamaíoch, nó i dtéarmaí forbartha, cumhachtaithe agus/nó féinleasa, nach dtarlódh murach sin."*

Sainaithnítear sé chineál tairbhe shóisialaigh a bhaineann leis na meáin phobail sa Chreat:

1. Fás ar mhuinín, cruthaitheacht, agus braistint muintearais do dhaoine aonair, go háirithe iad sin ó ghrúpaí mionlaigh agus imeallaithe.
2. Feabhsaítear ionchais fostaíochta do dhaoine aonair trí fhorbairt scileanna rud lena neartaítear aitheantas pobail.
3. Feasacht a chur in iúl agus a chur chun cinn i measc an phobail faoi cad atá ag tarlú timpeall a bpobail.
4. A chur ar chumas an phobail freagairt ar bhealach níos éifeachtaí do shaincheisteanna áitiúla agus domhanda trí rochtain ar thuairimí éagsúla agus ar níos mó faisnéise agus ar fhaisnéis níos fearr.
5. Acmhainneacht na ngníomhairí comhchoiteanna a chumasú agus a atreisiú chun a gcuid spriocanna a bhaint amach.
6. Féiniúlacht phobail agus comhtháthú an phobail a fheabhsú trí idirghníomhú agus gníomh comhchoiteann.

Tá modheolaíocht mhionsonraithe ag gabháil leis an gCreat ar féidir le heagraíochtaí meán pobail í a chur i bhfeidhm chun leibhéal agus cineál na dtairbhí sóisialta a chruthaítear a mheas. Úsáidfidh an Coimisiún coincheap na tairbhe sóisialta sin chun an luach a chruthaíonn agus a bheartaíonn an t-iarratasóir ina phobal a chinneadh.

## 2. NÓSANNA IMEACHTA CHUN IARRATAS A CHUR ISTEACH

Ní mór do gach iarratas a chuirtear isteach ar bhronnadh an chonartha chraolacháin fuaime pobail le haghaidh [limistéar/pobal] na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo a chomhlíonadh. Mura gcomhlíontar na ceanglais fhoilsithe go hiomlán, is féidir go ndéanfar an t-iarratas a dhícháiliú agus, ar an gcaoi sin, nach mbreithneoidh an Coimisiún a thuilleadh é de bhun alt 66 d'Acht 2009.

**Formáid:** Ní mór don iarratas a bheith i gcomhréir dhocht leis an bhformáid i gcuid 4 den Treoir seo agus an t-eolas **uile** a cheanglaítear a bheith ann.

a) Cur i Láthair: Ní mór an t-iarratas a chlóscríobh – in Arial nó Times New Roman, clómhéid 11, más féidir.

b) Iarratas: Féadfar an t-iarratas a chur isteach i nGaeilge nó i mBéarla.

c) Fíorú eolais: Ní mór an t-eolas uile a chuirtear isteach in iarratas a bheith fíor agus cruinn. Ní mór dearbhú ó dhuine údaraithe oiriúnach a áireamh i d'iarratas, ina sonraítear go bhfuil an t-eolas atá san iarratas agus sa cháipéisíocht bhreise a ghabhann leis an iarratas fíor agus cruinn ar feadh eolas agus thuairim an duine sin. I gcás inar cheart d'aon iarratasóir aon cheartuithe a dhéanamh ar an Iarratas nó ar na doiciméid a ghabhann leis, ba cheart an Coimisiún a chur ar an eolas faoi sin láithreach. Ní cheadófar aon athruithe ar ábhair tar éis an dáta deiridh.

d) Foilsiú: Féadfar iarratais a chur ar fáil lena n-iniúchadh go poiblí ag oifigí an Choimisiúin agus ar a shuíomh gréasáin tar éis an dáta deiridh chun na hiarratais a chur isteach.

e) Dáta Dúnta: Ní mór an t-iarratas agus na cóipeanna uile a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin spriocdháta a shonraítear san fhógra poiblí ina n-iarrtar iarratais.

f) Ábhar Rúnda: Ní mór eolas atá rúnda dar le hiarratasóir a chur i láthair in iarscríbhinn atá marcáilte go soiléir a ghabhann leis an iarratas. Ní mór cúiseanna an iarratasóra lena chreidiúint nár cheart don phobal rochtain a fháil ar an ábhar atá i gceist a leagan amach i litir chumhdaigh ar leith. Sa chás go gcreideann an Coimisiún gur cheart ábhar atá curtha in iarscríbhinn rúnda ag iarratasóir a chur ar fáil lena iniúchadh, pléifidh sé leis an iarratasóir é chun teacht ar chomhaontú maidir le méid an nochta. Mura féidir teacht ar chomhaontú laistigh de thréimhse réasúnta ama, ag féachaint d'achar ama an Choimisiúin, sa chás sin, measfaidh an Coimisiún an t-eolas ábhartha a bheith tarraingthe siar agus measfaidh sé gurb éard atá mar aighneacht an iarratasóra a mbeidh fágtha den iarratas.

g) Údaruithe: Beidh an t-iarratasóir freagrach as cibé údaruithe, tarscaoiltí agus/nó slánaíochtaí a sholáthar don Choimisiún a mbeidh ag teastáil uaidh le réasún i dtaca le hábhar atá ina iarratas nó ina hiarratas a nochtadh don phobal.

h) Comhaontú Comhoibrithe: Ba cheart d'iarratasóirí a bheith ar an eolas freisin faoi théarmaí an Chomhaontaithe Comhair idir an Coimisiún agus an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí ('CCPC'), a tugadh i gcrích de bhun fhorálacha alt 34 de na hAchtanna Iomaíochta, 2002-2014.[2] Leis an gcomhaontú sin, tugtar de chumhacht don Choimisiún eolas a nochtadh do CCPC i gcúinsí áirithe.

i) Saoráil Faisnéise: Féadfar eolas a chur ar fáil don phobal maidir le hiarrataí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Féadfaidh an Coimisiún dul i gcomhairle leis an bpáirtí leasmhar faoi fhoilsiú aon eolais a láimhseáiltear leis mar eolas rúnda tráth a chuirtear iarratas isteach roimh aon chinneadh a dhéanamh maidir le haon iarraidh um Shaoráil Faisnéise a fhaightear.

j) Cosaint Sonraí: Chun an próiseas iarratais seo a oibriú go héifeachtach, d'fhéadfadh sé go n-éileoimid sonraí pearsanta a bhaineann le príomhphointe teagmhála an Iarratasóra (don iarratas seo) agus le Bord Stiúrthóirí agus comhaltas an Iarratasóra.

k) Comhlíonfaidh an Coimisiún a chuid oibleagáidí faoin Treoir maidir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ('RGCS'), faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus faoi aon dlíthe agus rialacháin eile is infheidhme um príobháideachais sonraí nuair atá aon eolas pearsanta den sórt sin a chuirtear isteach chuig

---

[2] Tá cóip den Chomhaontú ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin

an bpróiseas ceadúnaithe seo á láimhseáil agus á phróiseáil. Úsáidfear an t-eolas a chuirtear isteach san iarratas, lena n-áirítear aon eolas pearsanta, chun an t-iarratas a phróiseáil agus le dul i gcomhairle leis an iarratasóir. Ní choinneofar aon eolas pearsanta a chuirtear isteach ach amháin sa chás go n-éireoidh leis an iarratas don tréimhse shonraithe. Tá oibleagáid ar an gCoimisiún agus tá sé tiomanta do chosaint na sonraí pearsanta uile a chuirtear isteach mar fhreagra ar ghlao ar iarratais ar chonarthaí craolacháin fuaime pobail. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ceaptha ag an gCoimisiún atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil ar an gcaoi a bpróiseálann an Coimisiún sonraí pearsanta i mbeartas foilsithe an Choimisiúin ag Ráiteas Príobháideachais - Coimisiún na Meán

l) Comhaontuithe Tríú Páirtí: Tá aon chomhaontuithe idir an Coimisiún agus páirtithe leasmhara maidir le heolas rúnda agus/nó eolas atá íogair ó thaobh na tráchtála de, gan dochar d'oibleagáidí an Choimisiúin faoin dlí, faoin Acht Craolacháin 2009 agus faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ní féidir leis an gCoimisiún, dá bhrí sin, a bharántas a thabhairt nach bhféadfaí faisnéis a éilíonn páirtí leasmhar a bheith rúnda, nó a láimhseáiltear mar fhaisnéis den sórt sin, a nochtadh de bhun an dlí.

Tabhair faoi deara: -

- ***Ní mór don iarratas a bheith i gcomhréir dhocht leis an bhformáid i gcuid 4 den Treoir seo agus an t-eolas uile a cheanglaítear a bheith ann.***
- ***Moltar d'iarratasóirí gan ach príomheolas a bhaineann leis an iarratas a chur san áireamh. Níor cheart d'iarratasóirí sonraí pearsanta nár iarradh a chur san áireamh san iarratas.***
- ***Agus cuspóirí á leagan amach ag an iarratasóir, ba cheart dó an tsamhail SICRU[3] um spriocanna a chur i bhfeidhm.***
- ***Moltar go mór d'iarratasóirí an príomheolas uile a chur san áireamh san iarratas agus aon eolas cúltaca mionsonraithe a chur san áireamh sna haguisíní. Ba cheart na haguisíní a uimhriú go soiléir, a chrostagairt agus a shábháil i ndoiciméad PDF aonair.***
- ***Molann an Coimisiún iarratais a chur isteach ag a bhfuil leagan amach agus stíl atá soiléir, achomair agus simplí.***
- ***Molann an Coimisiún gan grafaicí ná comharthaí nár iarradh a chur isteach. Ná cuir aon ghrianghraif, pictiúir agus/nó ábhar aitheantais stáisiúin san áireamh i gcorp an togra.***

[3] SICRU = Sonrach, Intomhaiste, Comhaontaithe, Réalaíoch, Uainithe.

# 3. EOLAS D'IARRATASÓIRÍ

## 3.1 Creat Reachtúil agus Beartais

Leagtar amach i gCuid 6 d'Acht 2009 an creat reachtúil chun seirbhísí breise craolacháin teilifíse agus raidió a cheadúnú agus a rialú ar ardáin éagsúla. Ba cheart don Iarratasóir aird a thabhairt ar fhorálacha alt 64, alt 65, alt 66 (go háirithe, fo-ailt 66(2), 66(3), 66(4)) agus alt 69 d'Acht 2009 agus ar dhoiciméid bheartais an Choimisiúin, lena n-áirítear an *Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin*, *Beartas Maidir Le Rialú Agus Úinéireacht*, *an Beartas um Meáin Phobail*, *an Creat um Shochar Sóisialta* agus *an Cód agus na Rialacha maidir le Seirbhísí Meán atá infheidhme maidir le Craoltóirí*. Tá coinne leis go gcuirfidh an tIarratasóir a dhóthain eolais ar fáil ina iarratas lena léiriú an chaoi ar féidir leis ceanglais agus cuspóirí Acht 2009 agus na beartais, cóid agus rialacha is infheidhme a chomhlíonadh. Iarrann an Coimisiún ar iarratasóirí gealltanas a thabhairt go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais íosta agus gealltanas a thabhairt go sáróidh siad iad.

## 3.2 An Limistéar Sonraithe

Is é an limistéar sonraithe an limistéar a bhfuil tuairisc air san fhógra poiblí ina n-iarrtar iarratais.

## 3.3 Measúnú ar Iarratais

Leagtar amach in alt 64 agus in alt 66, fo-ailt (2), (3) agus (4) d'Acht 2009 na critéir reachtúla a dtabharfaidh an Coimisiún aird orthu agus a ndéanfaidh sé measúnú orthu le linn dó an t-iarratasóir is oiriúnaí, más ann dó, a chinneadh ar a mbronnfar an conradh craolacháin fuaime pobail ("Critéir Reachtúla").

Faoi fhorálacha ailt 64(a) agus 64(b) d'Acht 2009, ní mór d'iarratasóir critéir incháilitheachta a chomhlíonadh sular féidir an t-iarratas a mheas don chonradh craolacháin fuaime pobail. Le hiarratas a mheas a bheith incháilithe, ní mór don Choimisiún a bheith sásta i dtaobh an mhéid seo a leanas:

- Alt 64(a): tá na comhaltaí siúd ionadaíoch ar an bpobal lena mbaineann agus cuntasach dó, agus

- Alt 64(b): is é an t-aon chuspóir amháin a bhainfeadh le bunábhar clár a sholáthar de bhun an chonartha ná (i) dul i ngleic go sonrach le leasanna an phobail lena mbaineann, agus féachaint le sochar sóisialta a sholáthar dó, agus (ii) bronnadh airgid a bhaint amach nach mó ná a bhfuil gá leis le réasún chun íoc as na costais a thabhófar le linn an bunábhar sin a sholáthar.

Cuirfear na critéir seo i bhfeidhm, mar aon leis na codanna ábhartha den *Bheartas um Meáin Phobail,* le linn measúnú a dhéanamh ar cháiliú nó neamhcháiliú thograí an iarratasóra, *inter alia,* i leith na nithe seo a leanas:

- Sainmhíniú an iarratasóra ar phobal;
- Eolas agus tuiscint an iarratasóra ar an bpobal;
- Moltaí an iarratasóra lena chinntiú (i) go bhfreastalaíonn an tseirbhís ar leas an phobail agus (ii) go soláthraíonn sí sochar sóisialta don phobal;
- Moltaí an iarratasóra maidir le measúnú a dhéanamh ar an tseirbhís ó thaobh (i) riachtanais an phobail agus (ii) sochar sóisialta de;
- Moltaí an iarratasóra maidir le rannpháirtíocht sa phobal agus cuntasacht a chinntiú dó;
- Moltaí an iarratasóra chun rannpháirtíocht an phobail a bhaint amach ar gach leibhéal d'oibriú na seirbhíse; agus
- Cinntíonn moltaí an iarratasóra go bhfuil struchtúr maoinithe na seirbhíse i gcomhréir leis an riachtanas go mbeadh sí féinmhaoinithe agus ar bhonn neamhbhrabúis.

Má mheasann an Coimisiún gur chomhlíon an t-iarratasóir na ceanglais éigeantacha sin, féadfaidh an Coiste measúnú a dhéanamh ar an iarratas ansin in aghaidh na gcritéar reachtúil a leagtar amach in alt 66, fo-ailt (2) agus (4) d'Acht 2009 ("Critéir Reachtúla").

Ar mhaithe le treoraíocht a chur ar fáil d'iarratasóirí, rangaigh an Coimisiún na Critéir Reachtúla faoi cheithre cheannteideal: (1) úinéireacht agus rialú; (2) clársceidealú; (3) stiúideonna agus tarchur; agus (4) plean airgeadais agus gnó. Is faoi na ceannteidil sin a dhéanfaidh an Coimisiún measúnú ar gach iarratas.

### 3.3.1 Úinéireacht, Bainistíocht agus Rialachas

Is iad seo a leanas na forálacha ábhartha faoi alt 64 agus alt 66 d'Acht 2009 i dtaca le húinéireacht agus struchtúr rialaithe iarratasóra:

- Alt 66(2)(a): carachtar, saineolas agus taithí an iarratasóra nó, más comhlacht corpraithe an t-iarratasóir, carachtar, saineolas agus taithí an chomhlachta agus a stiúrthóirí, a bhainisteora, a rúnaí nó oifigigh chomhchosúla eile agus a chuid comhaltaí agus na ndaoine siúd atá i dteideal úinéireacht thairbhiúil ar a scaireanna;

- Alt 66(2)(g): a inmhianaithe atá sé a cheadú d'aon duine, nó d'aon ghrúpa daoine, rialú nó leas substaintiúil a bheith aige nó acu ar líon míchuí seirbhísí craolacháin fuaime ar ina leith a bronnadh conradh craolacháin fuaime faoin gCuid seo (Cuid 6 d'Acht 2009);

- Alt 66(2)(h): a inmhianaithe atá sé a cheadú d'aon duine, nó d'aon ghrúpa daoine, rialú nó leas substaintiúil a bheith aige nó acu ar líon míchuí seirbhísí craolacháin fuaime sa limistéar a shonraítear san fhógra;

- Alt 66(2)(i): a inmhianaithe atá sé a cheadú d'aon duine, nó d'aon ghrúpa daoine, rialú nó leas substaintiúil a bheith aige nó acu ar mhéid míchuí de na meáin chumarsáide sa limistéar a shonraítear leis an bhfógra; agus

- Alt 66(4): cáilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra i dtaca le seirbhís chraolacháin arna soláthar aige faoi aon chonradh craolacháin ina sheilbh ar an dáta a dhéantar iarratas, nó roimh an dáta sin.

Cuirfear na critéir seo i bhfeidhm, mar aon leis na codanna ábhartha de *Bheartas um Meáin Phobail* an Choimisiúin, le linn measúnú a dhéanamh ar thograí an iarratasóra, *inter alia,* i leith na nithe seo a leanas:

- comhdhéanamh Orgán Feidhmiúcháin an iarratasóra;[4]
- struchtúr beartaithe comhaltais an iarratasóra;
- struchtúr beartaithe bainistíochta an iarratasóra; agus
- cuntas teiste más iar-shealbhóir conartha craolacháin fuaime agus/nó sealbhóir reatha conartha craolacháin fuaime é an t-iarratasóir.

---

4 Bord Stiúrthóirí, an Coiste Bainistíochta nó comhlacht bainistíochta eile.

### 3.3.2 Clársceidealú

Is iad seo a leanas na forálacha ábhartha faoi alt 64 agus alt 66 d'Acht 2009 i dtaca le clársceidealú:

- Alt 66(2)(c): cáilíocht, cineál agus réimse na gclár atá beartaithe ag gach iarratasóir a sholáthar nó, mura bhfuil ann ach iarratasóir amháin, atá beartaithe ag an iarratasóir sin a sholáthar;

- Alt 66(2)(d): cainníocht, cáilíocht, cineál agus réimse na gclár Gaeilge agus méid na gclár a bhaineann le cultúr na hÉireann atá beartaithe lena soláthar;

- Alt 66(2)(e): a mhéid a dhéanfaidh an t-iarratasóir deiseanna nua a chruthú laistigh den tseirbhís chraolacháin atá beartaithe le haghaidh daoine a bhfuil buanna acu sa cheol, sa drámaíocht agus sa tsiamsaíocht, agus go háirithe deiseanna i leith chultúr na hÉireann;

- Alt 66(2)(f): a inmhianaithe atá sé éagsúlacht seirbhísí a bheith ann sa limistéar saincheadúnais

- Alt 66(2)(j): an méid a dhéanfar na nithe seo a leanas leis an tseirbhís atá beartaithe – freastalaíonn sí ar phobail áitiúla inaitheanta agus tacaíonn na leasanna éagsúla sa phobal léi, nó freastalaíonn sí ar phobail chomhleasa;

- Alt 66(2)(k): aon nithe eile a mheasann [Coimisiún na Meán] a bheith riachtanach chun forbairt rianúil ar sheirbhísí craolacháin a áirithiú: an méid a thacaíonn agus a rannchuidíonn ábhar cláir leis an méid seo a leanas a chur chun cinn - (i) inscne, comhionannas, éagsúlacht, agus ionchuimsiú, (ii) inbhuanaitheacht chomhshaoil, agus (iii) litearthacht sna meáin.

- Alt 66(2)(k): aon nithe eile a mheasann [Coimisiún na Meán] a bheith riachtanach chun forbairt rianúil ar sheirbhísí craolacháin a áirithiú: socruithe comhlíontachta beartaithe an iarratasóra chun comhlíonadh Chuid 3B d'Acht 2009 a chinntiú;

- Alt 66(3): le linn breithniú a dhéanamh ar a oiriúnaí atá iarratasóir le conradh craolacháin fuaime a bhronnadh air chun seirbhís chraolacháin fuaime a sholáthar i leith limistéar a chuimsíonn limistéar Gaeltachta, beidh aird ag an gCoiste um Dheonú Conarthaí ar leanúint agus cur chun cinn na Gaeilge mar theanga labhartha; agus

- Alt 66(4): cáilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra i dtaca le seirbhís chraolacháin arna soláthar aige faoi aon chonradh craolacháin ina sheilbh ar an dáta a dhéantar iarratas, nó roimh an dáta sin.

Cuirfear na critéir seo i bhfeidhm, mar aon leis na codanna ábhartha de *Bheartas um Meáin Phobail* agus *Creat um Shochar Sóisialta* an Choimisiúin, le linn measúnú a dhéanamh ar thograí an iarratasóra, *inter alia*, i leith na nithe seo a leanas:

a) straitéis chlársceidealaithe bheartaithe an iarratasóra;

b) gealltanais bheartaithe an iarratasóra maidir le clársceidealú agus a mhéid a thugann an clársceidealú aghaidh ar chritéir alt 66(2) a shonraítear thuas agus fócas ar leith ann ar riachtanais an phobail, ionadaíocht, cumasú, éagsúlacht agus ionchuimsiú;

c) clársceideal beartaithe an iarratasóra agus a mhéid a chuirfidh sé le héagsúlacht na gclár atá ar fáil agus a mhéid a fhreastalóidh sé ar leasanna éagsúla an phobail; agus

d) socruithe comhlíontachta beartaithe an iarratasóra chun comhlíonadh Chuid 3B d'Acht 2009 a chinntiú;

e) cuntas teiste más iar-shealbhóir conartha craolacháin fuaime agus/nó sealbhóir reatha conartha craolacháin fuaime é an t-iarratasóir.

### 3.3.3 Oibríochtaí

**Stiúideonna agus Tarchur**

Ní shonraítear le hailt 64 agus 66 d'Acht 2009 ceanglais maidir le saoráidí stiúideo agus tarchuir an iarratasóra. Measann an Coimisiún gur gá saoráidí iomchuí stiúideo agus tarchuir a fhorbairt agus a choinneáil ar bun chun forbairt rianúil ar sheirbhísí craolacháin a áirithiú.

Dá réir sin, is iad seo a leanas na forálacha ábhartha faoi alt 66 d'Acht 2009 i dtaca le stiúideonna agus tarchur:

Cuirfear na critéir seo i bhfeidhm le linn measúnú a dhéanamh ar thograí an iarratasóra, *inter alia,* i leith na nithe seo a leanas:

- Alt 66(2)(k): aon nithe eile a mheasann [Coimisiún na Meán] a bheith riachtanach chun forbairt rianúil ar sheirbhísí craolacháin a áirithiú: leordhóthanacht na stiúideonna agus na dtograí tarchuir.
- Alt 66(4): cáilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra i dtaca le seirbhís chraolacháin arna soláthar aige faoi aon chonradh craolacháin ina sheilbh ar an dáta a dhéantar iarratas, nó roimh an dáta sin.

- an tréimhse ama chun tús a chur leis an tarchur;
- leordhóthanacht na n-áiseanna stiúideo agus tarchuir, lena n-áirítear inrochtaineacht;
- oiriúnacht na dtograí tarchuir; agus
- cuntas teiste más iar-shealbhóir conartha craolacháin fuaime agus/nó sealbhóir reatha conartha craolacháin fuaime é an t-iarratasóir.

**Acmhainní (Soláthar Foirne)**

Ní shonraítear le halt 64 agus alt 66 d'Acht 2009 ceanglais maidir le hacmhainní an iarratasóra. Measann an Coimisiún leordhóthanacht na n-acmhainní soláthair foirne agus rannpháirtíocht an phobail sna gnéithe uile d'oibriú na seirbhíse raidió pobail a bhfuil gá leo chun forbairt rianúil ar sheirbhísí craolacháin a áirithiú.

Cuirfear na critéir seo i bhfeidhm le linn measúnú a dhéanamh ar thograí an iarratasóra, *inter alia,* i leith na nithe seo a leanas:

- Alt 66(2)(k): aon nithe eile a mheasann [Coimisiún na Meán] a bheith riachtanach chun forbairt rianúil ar sheirbhísí craolacháin a áirithiú: leordhóthanacht na n-acmhainní soláthair foirne de chuid an iarratasóra agus na struchtúir agus na beartais atá i bhfeidhm aige chun tacú le baill foirne.
- Alt 66(4): cáilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra i dtaca le seirbhís chraolacháin arna soláthar aige faoi aon chonradh craolacháin ina sheilbh ar an dáta a dhéantar iarratas, nó roimh an dáta sin.

**Acmhainní soláthair foirne**[5] an iarratasóra, lena n-áirítear:

- an struchtúr soláthair foirne atá beartaithe agus na réimsí ina n-oibreoidh sí;
- beartais soláthair foirne an iarratasóra;
- beartas oiliúna, tacaíochta agus forbartha foirne an iarratasóra; agus,
- aon luach saothair agus sochair do bhaill foirne.

[5] Áirítear idir bhaill foirne íoctha agus oibrithe deonacha i struchtúr soláthair foirne an iarratasóra.

#### 3.3.4 Cúrsaí Airgid agus Plean Gnó

Is iad seo a leanas na forálacha ábhartha faoi alt 64 agus alt 66 d'Acht 2009 i dtaca le cúrsaí airgid agus pleananna gnó:

- Alt 66(2)(b): leordhóthanacht na n-acmhainní airgeadais atá ar fáil don iarratasóir agus a mhéid a bheidh an t-iarratas ag teacht le dea-phrionsabail ghnó agus eacnamaíochta; agus
- Alt 66(4): cáilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra i dtaca le seirbhís chraolacháin arna soláthar aige faoi aon chonradh craolacháin ina sheilbh ar an dáta a dhéantar iarratas, nó roimh an dáta sin.

Cuirfear na critéir seo i bhfeidhm, mar aon leis na codanna ábhartha de *Bheartas um Meáin Phobail* an Choimisiúin, le linn measúnú a dhéanamh ar thograí an iarratasóra, *inter alia,* i leith na nithe seo a leanas:

**Cúrsaí airgid agus plean gnó** an iarratasóra, lena n-áirítear:

- an straitéis fhoriomlán airgeadais;
- tograí infheistíochta an iarratasóra;
- foinsí maoinithe agus caiteachais;
- réamh-mheastacháin airgeadais an iarratasóra;
- na straitéisí atá le cur i bhfeidhm chun na réamh-mheastacháin a bhaint amach agus
- cuntas teiste más iar-shealbhóir conartha craolacháin fuaime agus/nó sealbhóir reatha conartha craolacháin fuaime é an t-iarratasóir.

### 3.4 An Mhaitrís Scórála

Le halt 65, fo-ailt (10), (11) agus (12) d'Acht 2009 soláthraítear an creat reachtúil chun iarratais a bhreithniú agus a scóráil:-

> ***(10)*** *Le linn iarratais a bhreithniú chun conradh craolacháin fuaime a bhronnadh, déanfaidh an Coimisiún cinneadh ar iarratais i gcomhréir le halt 66 agus sannfaidh sé scór do gach critéar a shonraítear in alt 66(2), nó do mheascán de na critéir sin. Cuirfidh [an Coimisiún] in iúl do gach duine a thug le fios go bhfuil sé ar intinn aige nó aici a bheith ina iarratasóir nó ina hiarratasóir ar chonradh faoi shannadh an scóir sin.*
>
> ***(11)*** *Déanfaidh [an Coimisiún], le linn dó teacht ar chinneadh maidir le conradh craolacháin fuaime a bhronnadh, scór comhaontaithe a shannadh do gach ceann de na hiarratais a gheofar i gcomhréir le fo-alt (10).*
>
> ***(12)*** *Is le tromlach vótaí [an Choimisiúin] a chinnfear tuairim [an Choimisiúin] maidir le scór a shannadh faoi fho-alt (11).*

Creideann an Coimisiún go bhfuil roinnt critéar níos tábhachtaí ná critéir eile chun na cuspóirí reachtaíochta agus beartais ábhartha a bhaint amach. Dá bhrí sin, beidh ualú breise ag gabháil le ceanglais áirithe ná mar a ghabhfaidh le cinn eile sa phróiseas meastóireachta. Ar an mbealach sin, mar atá le feiceáil sa tábla **samplach** in Iarscríbhinn 2, meastar go bhfuil critéar lena ngabhann ualú ocht (8) níos tábhachtaí ná critéar lena ngabhann ualú sé (6), a mheastar, dá réir sin, a bheith níos tábhachtaí ná critéar lena ngabhann ualú ceithre (4) agus mar sin de.

***Ba cheart don Iarratasóir a thabhairt faoi deara, mura n-éiríonn leis íosmhéid caoga faoin gcéad (50%) den scór atá ar fáil faoi gach critéar infheidhme a bhaint amach,[6] nach measfar an t-iarratas a bheith incháilithe le conradh craolacháin fuaime pobail a bhronnadh air. Féach an Mhaitrís Scórála atá faoi iamh in*** **Iarscríbhinn 2.**

---

[6] I gcás nach gcuireann iarratasóir seirbhís chraolacháin fuaime ar fáil faoi láthair faoi aon chonradh craolacháin agus nach ndearna sé amhlaidh roimhe seo, déanfar neamhshuim den chritéar maidir le "cáilíocht fhoriomlán na feidhmíochta" nó "cuntas teiste" faoi alt 66(4) d'Acht 2009 agus an ríomh á dhéanamh i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil íosmhéid caoga faoin gcéad (50%) den scór atá ar fáil bainte amach ag an iarratasóir faoi gach critéar. I gcás ina bhfuil feidhm ag an gcritéar, beidh an t-ualú a chuirfear i bhfeidhm ar an gcritéar "cáilíocht fhoriomlán na feidhmíochta" nó

### 3.5 An Próiseas Cinnteoireachta

Leanfaidh an Coimisiún an nós imeachta seo a leanas chun an t-iarratasóir is oiriúnaí, más ann dó, a chinneadh le conradh craolacháin fuaime pobail a bhronnadh air:-

Déanfaidh an Coimisiún measúnú tosaigh ar an iarratas cáilitheach/na hiarratais cháilitheacha. Áireofar leis sin breithniú ar an iarratas a chuirtear isteach agus measúnú ar an iarratas arna ullmhú ag foireann an Choimisiúin. Déanfar an measúnú a struchtúrú de réir na gceannteideal agus na gCritéar Reachtúil a leagtar amach i gcuid 3.3 *Measúnú ar Iarratais* den Treoir seo. Tarraingeofar aird ann ar shaincheisteanna ábhartha, ag tagairt do na critéir reachtúla a leagtar amach in alt 64 agus alt 66 d'Acht 2009.

Má mheasann an Coimisiún go bhfuil aon saincheisteanna ann a dteastaíonn soiléirithe ina leith agus/nó má theastaíonn aon eolas breise uaidh ó iarratasóir, féadfar an t-eolas sin a lorg trí bhíthin ceann amháin nó an dá cheann díobh seo:

- **Ceisteanna Forlíontacha:** Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an iarratasóir/na hiarratasóirí liosta ceisteanna forlíontacha a chomhlánú chun aghaidh a thabhairt ar fhiosruithe nó chun soiléiriú a chur ar fáil maidir le haon ghné/ghnéithe den iarratas. Beidh freagraí i scríbhinn ar na fiosruithe sin ar fáil go poiblí ar an mbonn céanna leis an iarratas i scríbhinn.
- **Cuir i Láthair ó Bhéal:** Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar iarratasóirí cur i láthair ó bhéal a dhéanamh maidir lena gcuid tograí le haghaidh na seirbhíse craolacháin fuaime ar ábhar dheonú an chonartha. Féadfar an cur i láthair a dhéanamh go poiblí nó go príobháideach. Is é an cuspóir a bheidh leis an gcur i láthair sin ó bhéal ná tuilleadh eolais a chur ar fáil maidir leis na tograí a dhéantar san iarratas chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún inmharthanacht agus tuillteanais na n-iarratas ábhartha a bhreithniú.

Tar éis aon chur i láthair ó bhéal a iarrtar agus/nó freagraí ar cheisteanna forlíontacha i scríbhinn a mheasann an Coimisiún a bheith iomchuí, déanfar an t-iarratas a scóráil faoi gach ceann de na critéir reachtúla a leagtar amach sa Mhaitrís Scórála san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo tar éis plé comhpháirteach.

Is le tromlach vótaí na gCoimisinéirí a chinnfear tuairim an Choimisiúin maidir le scór a shannadh.

Más amhlaidh nach mbaineann iarratas scór cáilitheach amach faoi gach critéar, déanfaidh an Coimisiún é a eisiamh ón bpróiseas iarratais. Críochnóidh an Coimisiún an próiseas ceadúnúcháin mura mbainfidh aon cheann de na hiarratais scór cáilitheach amach faoi gach critéar reachtúil.

Measfar gurb é an t-iarratasóir a fhaigheann scór cáilitheach faoi gach critéar mar aon leis an scór foriomlán is airde an t-iarratasóir is oiriúnaí leis an gconradh craolacháin fuaime pobail a bhronnadh air. Féadfaidh an Coimisiún conradh craolacháin fuaime pobail a dhéanamh leis an Iarratasóir is oiriúnaí. Sonróidh an Coimisiún na téarmaí agus na coinníollacha de réir mar is iomchuí d'aon chonradh craolacháin fuaime.

Tabharfaidh an Coimisiún fógra d'iarratasóir neamhrathúil faoi na cúiseanna gur diúltaíodh conradh craolacháin fuaime pobail a mholadh dó nó di, agus cuirfear in iúl ann scór an iarratasóra agus an scór a bhain an t-iarratasóir rathúil amach.

---

"cuntas teiste" ag brath ar an gcineál conartha craolacháin ina sheilbh, mar shampla, is lú a bheidh an t-ualú a chuirfear i bhfeidhm maidir le conradh craolacháin fuaime sealadach ná an t-ualú a chuirfear i bhfeidhm maidir le conradh craolacháin fuaime pobail píolótach agus ar an mbealach céanna, is lú a bheidh an t-ualú a chuirfear i bhfeidhm maidir le conradh craolacháin fuaime pobail píolótach ná an t-ualú a chuirfear i bhfeidhm maidir le conradh craolacháin fuaime pobail lánaimseartha.

### 3.6 Deonú an Chonartha

Beidh deonú an chonartha craolacháin fuaime pobail faoi réir an conradh craolacháin fuaime pobail atá beartaithe a bheith aonaithe agus sínithe ag an iarratasóir rathúil, ina mbeidh na téarmaí agus na coinníollacha mar a chinnfidh Coimisiún na Meán. Tar éis don Choimisiún an t-iarratasóir is oiriúnaí a roghnú don chonradh craolacháin fuaime pobail, féadfaidh sé a cheangal ar an iarratasóir rathúil aontú le téarmaí agus coinníollacha mionsonraithe lena n-áireamh sa chonradh craolacháin fuaime pobail, a bhféadfaidh an Coimisiún a chinneadh gurb iomchuí iad a shonrú de bhun alt 69 d'Acht 2009. Sa chás nach n-aontaíonn iarratasóir rathúil le haon téarmaí nó coinníollacha a iarrann an Coimisiún, nó sa chás nach gcomhlíonann sé/sí iad, laistigh d'achar ama a shonraítear, forchoimeádann an Coimisiún an ceart gan conradh a dhéanamh mura bhfuil an t-iarratas ar chaighdeán leormhaith nó mura féidir caibidlíocht chonartha a thabhairt i gcrích.

Tá cóip den chonradh craolacháin fuaime pobail atá beartaithe ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin nó arna hiarraidh ó oifigí an Choimisiúin. Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire go gcinnfear ábhar na Sceideal a ghabhann leis an gconradh den chuid is mó de réir an eolais, na ngealltanas agus na dtograí atá san iarratas rathúil. Dá bhrí sin, déanfar sonraí maidir leis an struchtúr úinéireachta agus rialaithe, na gealltanais chlársceidealaithe agus an sceideal táscach clár, agus an tarchur agus na stiúideonna a thrasuí de ghnáth ón iarratas rathúil.

I gcomhréir le halt 69(5) d'Acht 2009, tá gach conradh craolacháin fuaime uile ar fáil lena n-iniúchadh ag an bpobal in oifigí an Choimisiúin.

### 3.7 Fad an Chonartha

Féadfar conarthaí craolacháin fuaime pobail a dheonú ar feadh tréimhse suas le deich (10) mbliana. Sonrófar téarmaí an chonartha sna téarmaí agus coinníollacha a mheasann an Coimisiún a bheith iomchuí tar éis bhronnadh an chonartha.

### 3.8 Athruithe ar Chomhdhéanamh

Forchoimeádann an Coimisiún an ceart chun conradh craolacháin fuaime pobal a chúlghairm tar éis é a bhronnadh nó a dheonú má tharlaíonn athruithe ábhartha a imríonn tionchar ar chineál nó ar bhuntréithe an iarratasóra rathúil nó ar na daoine a bhfuil smacht nó leas acu sa chonradh craolacháin fuaime pobail, i gcás ina bhféadfadh athruithe den sórt sin tionchar a imirt ar an gcinneadh an conradh craolacháin fuaime pobail a bhronnadh dá mba rud é gur tharla na hathruithe sin sula ndearnadh an bronnadh.

### 3.9 Aistriú an Chonartha

Ní féidir conradh craolacháin fuaime pobail a aistriú ó chomhlacht amháin go comhlacht eile ach amháin má fhaightear toiliú roimh ré ón gCoimisiún.

## 4. FORMÁID AN IARRATAIS

Ní mór don iarratas cloí leis an bhformáid a leagtar amach san Fhoirm Iarratais don chonradh craolacháin fuaime a fhógraítear trí fhógra poiblí. Tá an Fhoirm seo ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin nó arna hiarraidh ón gCoimisiún.

### Cuid 1 – Réamhrá maidir leis an Iarratasóir

Tabhair an t-eolas seo a leanas faoin iarratasóir ("an tIarratasóir"):

- Ainm agus sonraí teagmhála an Iarratasóra (Duine teagmhála, seoladh, uimhir ghutháin/fóin póca, agus ríomhphost).
- Beidh conradh craolacháin fuaime pobail ag an Iarratasóir leis an gCoimisiún agus ní mór dó a bheith ina eintiteas dlíthiúil aonair. Ní mór cóip den Deimhniú ar Ionchorprú agus den Bhunreacht (Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais) a chur san áireamh leis an iarratas.
- Príomhtheagmhálaí chun críocha poiblí (ainm, seoladh, uimhir ghutháin, agus ríomhphost an phríomhtheagmhálaí). Ainmnigh duine amháin ar a laghad chun déileáil le fiosruithe preasa nó poiblí.
- Ainm Beartaithe an Stáisiúin.
- Liosta Comhairleoirí. Sainaithin ainmneacha agus seoltaí baile (i) shainchomhairleoirí, (ii) iniúchóirí, (iii) aturnaetha, agus (iv) bhanc an Iarratasóra.

### Cuid 2 – Úinéireacht, Rialachas agus Bainistíocht

Ní mór don Iarratasóir a bheith ionadaíoch ar an bpobal lena mbaineann agus a bheith cuntasach dó.[7] Ní mór go mbeadh seirbhís chraolacháin fuaime pobail "*faoi úinéireacht agus faoi rialú ag eagraíocht sheachbhrabúsach a ndéanann a struchtúr foráil do bhainistíocht chomhaltais agus oibriú agus clársceidealú arna stiúradh ag an bpobal go príomha*".[8] Ba cheart go léireodh an t-eolas a chuirtear ar fáil sa chuid seo conas a chomhlíonfaidh struchtúr úinéireachta agus rialaithe an Iarratasóra na ceanglais ionadaíochta agus chuntasachta seo ar gach leibhéal d'oibriú na seirbhíse.

Maidir le cur chuige an Iarratasóra i leith ionadaíocht an phobail, ba cheart aird shonrach a thabhairt ar na táscairí Sochair Shóisialta a leagtar amach sa *Chreat um Shochar Sóisialta* agus, i gcás inar féidir, tagairt dhíreach a dhéanamh dóibh. Ba cheart go leanfadh na táscairí Sochair Shóisialta a áirítear san iarratas an tsamhail SICRU agus ba cheart go mbeadh siad infhíoraithe agus intomhaiste mar phríomhtháscairí feidhmíochta i gcaitheamh tréimhse ar leith.

#### 2.1 Úinéireacht, Bainistíocht agus Rialachas

**(i)** Déan cur síos ar an gcineál struchtúir chorparáidigh atá bunaithe nó beartaithe don tseirbhís chraolacháin fuaime pobail (e.g., cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal, comharchumann nó eagraíocht sheachbhrabúsach eile).

**(ii)** Sonraigh an cineál Orgáin Feidhmiúcháin atá beartaithe don Iarratasóir (e.g., Bord Stiúrthóirí nó Coiste Bainistíochta).

**(iii)** Tabhair na sonraí seo a leanas faoi chomhaltas an Orgáin Feidhmiúcháin:

- an líon comhaltaí atá beartaithe;
- an líon comhaltaí a cheapfar i gcáil ionadaíoch[9] agus tabhair sonraí faoin ionadaíocht sin;
- na nósanna imeachta maidir le comhaltaí a ainmniú, a thoghadh agus/nó a cheapadh; agus

---

[7] Alt 64(a) d'Acht 2009.
[8] Beartas um Meáin Phobail Choimisiún na Meán.
[9] Mar shampla, ionadaíoch ar phobail, ar leasanna pobail, ar ghrúpaí nó ar limistéir thíreolaíocha.

- na catagóirí comhaltais. I gcás ina gcuimsíonn na catagóirí grúpaí nó eagraíochtaí pobail, tabhair sonraí faoi na grúpaí nó na heagraíochtaí lena mbaineann, faoin gcaoi a bhfuil siad ionadaíoch ar an bpobal agus cuntasach dó agus a n-ábharthacht don phobal agus don tseirbhís.

**(iv)** Tabhair na sonraí seo a leanas i ndáil le gach comhalta den Orgán Feidhmiúcháin:-

- ainm, seoladh baile agus gairm;
- cúlra agus taithí (lena n-áirítear taithí sna meáin/i gcraolachán, sa phobal, agus taithí ar chúrsaí airgeadais agus bainistíochta, ach gan bheith teoranta dóibh);
- leasanna gnó, pobail agus/nó meán eile lena mbaineann (sonraigh le do thoil); agus/nó
- rannpháirtíocht in aon seirbhís chraolacháin fuaime roimhe seo nó atá ann faoi láthair, lena n-áirítear ainm na seirbhíse, cineál na rannpháirtíochta (i.e. an post/ról a bhí i gceist), agus tréimhse na rannpháirtíochta (dáta tosaigh agus dáta imeachta);

**(v)** Tabhair an t-eolas céanna atá in iv) thuas maidir le haon duine eile a bhfuil an tIarratasóir ag cuimhneamh ar a cheapadh mar chomhalta den Orgán Feidhmiúcháin.

**(vi)** Tabhair le fios cé hé nó hí a cheapfar ina C(h)athaoirleach.

### 2.2 Comhaltas

**(i)** Sonraigh an líon comhaltaí atá ag an Iarratasóir faoi láthair.

**(ii)** Sainaithin agus déan cur síos ar na catagóirí comhaltais atá beartaithe agus mínigh conas a bheidh an comhaltas foriomlán ionadaíoch ar an bpobal a bhfreastalófar air.

**(iii)** Leag amach, i gcás inarb infheidhme, na catagóirí scaireanna agus praghsanna na scaireanna sin nó aon táillí eile a bhaineann leis an gcomhaltas.

**(iv)** Sonraigh na straitéisí chun comhaltas a aimsiú agus a mhéadú i measc an phobail i gcaitheamh théarma beartaithe an chonartha.

**(v)** I gcás inar comhlacht corparáideach é comhalta de chuid an Iarratasóra, tabhair na sonraí seo a leanas i dtaca le stiúrthóirí agus comhaltaí "suntasacha" an chomhlachta sin:[10]

- ainm, seoladh agus gairm;
- cúlra agus taithí (lena n-áirítear taithí sna meáin/i gcraolachán, sa phobal agus taithí bhainistíochta, ach gan bheith teoranta dóibh);
- leasanna gnó, pobail agus/nó meán eile lena mbaineann (sonraigh le do thoil); agus/nó
- rannpháirtíocht in aon seirbhís chraolacháin fuaime, lena n-áirítear ainm na seirbhíse, cineál na rannpháirtíochta (i.e., an post/ról a bhí i gceist), agus tréimhse na rannpháirtíochta (dáta tosaigh agus dáta imeachta).

**(vi)** Sonraigh an réasúnaíocht le rannpháirtíocht an chomhlachta chorparáidigh/na gcomhlachtaí corparáideacha san Iarratas.

**(vii)** Tabhair breac-chuntas ar aon nósanna imeachta atá beartaithe, anuas ar na cinn siúd a shonraítear i mBunreacht an Iarratasóra (Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais) nó sna Rialacha Comharchumainn, lena chinntiú go mbeidh an tIarratasóir (a Orgán Feidhmiúcháin agus a chomhaltaí) cuntasach don phobal a bhfreastalófar air.

**(viii)** Cuir cóip de Chlár na gComhaltaí san áireamh le d'iarratas (ba cheart sonraí pearsanta teagmhála agus seoltaí baile pearsanta a cheilt).

[10] Measfar gur comhalta "suntasach" duine más úinéir dlíthiúil nó tairbhiúil scaireanna san iarratasóir é agus ar aige atá deich faoin gcéad (10%) nó níos mó de na cearta vótála is infheidhmithe ag cruinniú ginearálta den iarratasóir.

### 2.3 Struchtúr Bainistíochta

**(i)** Déan cur síos, i bhfoirm cairte/léaráide agus inste, ar struchtúr bainistíochta reatha nó beartaithe an Iarratasóra, ag cur in iúl go soiléir róil agus stádas na foirne bainistíochta atá le ceapadh (lánaimseartha, páirtaimseartha agus/nó oibrithe deonacha).

**(ii)** Má mholann an struchtúr bainistíochta go mbainfí úsáid as fochoistí,[11] sonraigh na téarmaí tagartha atá beartaithe do gach fochoiste, an comhaltas, na nósanna imeachta chun na comhaltaí a ainmniú agus a thoghadh agus an réasúnaíocht lena n-áireamh sa struchtúr bainistíochta.

**(iii)** Sonraigh an struchtúr tuairiscithe atá beartaithe idir an fhoireann bainistíochta, lena n-áirítear aon fhochoistí, agus Orgán Feidhmiúcháin an Iarratasóra.

**(iv)** Soláthair i ndáil le gach duine díobh seo a leanas, nó a gcomhionann, a n-ainm iomlán, a gcáilíochtaí agus a dtaithí go dtí seo, go háirithe, an taithí sin a bhaineann leis an bpobal agus/nó le craolachán:

- An Bainisteoir Stáisiúin; agus
- An tOifigeach Comhlíontachta.

### 2.4 Carachtar an Iarratasóra

Freagair "is amhlaidh" nó "ní hamhlaidh" ar na ceisteanna seo a leanas thar ceann an Iarratasóra, lena n-áirítear más comhlacht corparáideach é an tIarratasóir, thar ceann a Stiúrthóirí, an Rúnaí, an Bhainisteora Stáisiúin agus an Oifigigh Comhlíontachta. Tabhair sonraí iomlána más é "is amhlaidh" an freagra ar aon cheann díobh:

**(i)** An amhlaidh a ciontaíodh an t-iarratasóir i gcion riamh (seachas 'ciontuithe spíonta') a bhaineann le haon cheann díobh seo a leanas:- calaois nó mímhacántacht; ballraíocht in eagraíocht choiriúil; éilliú; cionta sceimhlitheoireachta; sciúradh airgid; maoiniú na sceimhlitheoireachta; dúshaothrú leanaí; gáinneáil ar dhaoine?

**(ii)** An amhlaidh a srianadh nó a dícháilíodh an tIarratasóir riamh mar Stiúrthóir Cuideachta, nó an amhlaidh a ciontaíodh an tIarratasóir riamh in aon chion faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963-2006 (arna leasú) sa dlínse seo nó faoi aon reachtaíocht chomhionann in aon dlínse eile?

**(iii)** An amhlaidh a breithníodh an tIarratasóir riamh ina fhéimheach nó ina féimheach, an amhlaidh a tháinig sé nó sí chun bheith dócmhainneach riamh, an amhlaidh a rinne sé nó sí socrú deonach riamh le creidiúnuithe, nó an amhlaidh a ceapadh glacadóir riamh ar aon cheann dá chuid nó dá cuid sócmhainní, sa dlínse seo nó in aon dlínse eile?

**(iv)** An amhlaidh a bhí an tIarratasóir riamh ina stiúrthóir ar chuideachta ar ar ceapadh glacadóir, a chuaigh faoi leachtú éigeantach, faoi leachtú deonach creidiúnuithe, faoi scrúdaitheoireacht nó a rinne aon socrú lena chreidiúnuithe nó lena aicme chreidiúnuithe?

**(v)** An amhlaidh a ciontaíodh an tIarratasóir riamh i gcion faoi aon reachtaíocht faoina ndéantar Craolachán agus/nó Radaiteileagrafaíocht a rialú sa dlínse seo nó in aon dlínse eile?

**(vi)** An amhlaidh a cuireadh aon cheadúnas nó conradh de chuid an Iarratasóra, arna eisiúint ag comhlacht ceadúnúcháin craolacháin nó aon chomhlacht reachtúil eile, ar fionraí riamh nó an amhlaidh a cúlghaireadh ceadúnas nó conradh mar sin de chuid an Iarratasóra riamh sa dlínse seo nó in aon dlínse eile?

**(vii)** An amhlaidh atá an tIarratasóir ar an eolas faoi aon chúis a fhágfaidh nach cuí ná oiriúnach conradh a bhronnadh air nó uirthi?

## Cuid 3 – Pobal agus Sochar Sóisialta

Ba cheart don Iarratasóir eolas agus tuiscint a léiriú ar riachtanais an phobail agus moltaí iomchuí a chur i láthair maidir le rannpháirtíocht ghníomhach an phobail sin ar gach leibhéal d'oibriú na seirbhíse. Ba cheart don Iarratasóir a léiriú go

[11] Mar fhochoistí den Bhord Stiúrthóirí.

dtabharfaidh an tseirbhís aghaidh ar leasanna an phobail, agus go soláthróidh sí sochar sóisialta dó, agus doiciméadacht agus taighde tacaíochta a chur isteach. Ba cheart tagairt a dhéanamh do na doiciméid ábhartha uile agus an fhoinse, an t-údar/na húdair, an foilsitheoir agus bliain a bhfoilsithe a thabhairt le fios, i gcás inarb iomchuí.

Maidir le cur chuige an iarratasóra i leith caidreamh pobail agus caidreamh leis an lucht féachana/éisteachta, ba cheart aird shonrach a thabhairt ar na táscairí Shochair Shóisialta a leagtar amach sa Chreat um Shochar Sóisialta agus, i gcás inar féidir, tagairt dhíreach a dhéanamh dóibh. Ba cheart go leanfadh na táscairí Sochair Shóisialta a áirítear san iarratas an tsamhail SICRU agus ba cheart go mbeadh siad infhíoraithe agus intomhaiste mar phríomhtháscairí feidhmíochta i gcaitheamh tréimhse ar leith.

### An Pobal Geografach ar a bhFreastalófar

Sainmhínigh an pobal a bhfreastalófar air agus soláthair próifíl den phobal sin.

## 3.1 Rochtain agus Rannpháirtíocht an Phobail

- **(i)** Leag amach conas a dhéanfar an tseirbhís atá beartaithe a chur chun cinn i measc an phobail agus conas a éascófar don phobal a bheith rannpháirteach ar gach leibhéal dá hoibriú.
- **(ii)** Déan cur síos ar conas a dhéanfar rochtain an phobail a chur chun cinn agus a éascú sna gnéithe éagsúla den tseirbhís.
- **(iii)** Tabhair breac-chuntas ar an gcur chuige atá beartaithe ag an iarratasóir maidir le measúnú pobail agus lucht féachana/éisteachta, lena n-áirítear na modheolaíochtaí a mbeifear ag brath orthu agus a mhinice a dhéanfar na measúnuithe sin. Cuir in iúl an buiséad atá le leithdháileadh ar an ngníomhaíocht seo.

## 3.2 Leas an Phobail agus Sochar Sóisialta

- **(i)** Mínigh conas a chinnteoidh an tseirbhís atá beartaithe go bhfreagróidh sí do leasanna an phobail agus go bhfreastalóidh sí ar na leasanna sin.
- **(ii)** Leag amach conas a leanfaidh an tseirbhís atá beartaithe d’fhorbairt agus d’fheabhas a dhéanamh ar an ról atá aici maidir le sochar sóisialta i gcaitheamh shaolré aon chonartha. Ba cheart é sin a léiriú ó thaobh trí cinn ar a laghad de na sé réimse a shainaithnítear sa Chreat um Shochar Sóisialta[12] le hachair ama agus foinsí fianaise de réir an tábla i bhFoirm Iarratais an Choimisiúin.

[12] Creat um Shochar Sóisialta an Choimisiúin: http://www.bai.ie/en/media/sites/2/dlm_uploads/2020/06/Community-Radio-Delivering-Social-Benefit-.pdf Beartas um Meáin Phobail an Choimisiúin: https://www.cnam.ie/app/uploads/2025/01/BAI-Policy-on-Community-Media-Report-Irish-Final-Web.pdf

**Cuid 4 – Clársceidealú**

Iarrfar ar an Iarratasóir an méid seo a leanas a shoiléiriú maidir leis an tseirbhís:

(a) conas a fhreastalóidh sí ar an bpobal laistigh den limistéar;

(b) conas a chuirfidh sí rannpháirtíocht ghníomhach an phobail chun cinn sa chlársceidealú agus conas a thacóidh sí leis sin;

(c) conas a chuirfidh sí le héagsúlacht na gclár atá ar fáil sa limistéar saincheadúnais agus

(d) conas a oibreoidh sí i gcomhréir leis an éiteas nó leis an gcóras luachanna atá mar bhonn faoi ghníomhaíocht phobail.

Maidir le cur chuige an Iarratasóra i leith clársceidealaithe, ba cheart aird shonrach a thabhairt ar na táscairí sochair shóisialta a leagtar amach sa *Chreat um Shochar Sóisialta* agus, i gcás inar féidir, tagairt dhíreach a dhéanamh dóibh. Ba cheart go leanfadh na táscairí Sochair Shóisialta a áirítear san iarratas an tsamhail SICRU agus ba cheart go mbeadh siad infhíoraithe agus intomhaiste mar phríomhtháscairí feidhmíochta i gcaitheamh tréimhse ar leith.

**4.1 Straitéis Chlársceidealaithe**

(i) Sonraigh na straitéisí atá ar bun faoi láthair atá beartaithe ag an Iarratasóir a chur chun feidhme i ndáil leis na nithe seo a leanas:
- taighde ar an gclár;
- léiriú an chláir;
- rialú cáilíochta;
- a chinntiú go gcomhlíonfar na ceanglais reachtúla agus na hoibleagáidí conarthacha um chraolachán fuaime maidir le hábhar clár;
- a chinntiú go n-oibreoidh an tseirbhís de réir an éitis nó an chórais luachanna atá mar bhonn faoi ghníomhaíocht phobail.

(ii) Leag amach na critéir ar orthu, dar leis an Iarratasóir, a dhéanfar measúnú ar luach na gclár don phobal ar a bhfreastalófar.

**4.2 Ráiteas Beartais Cláir**

Tugtar breac-chuntas sa Ráiteas Beartais Cláir ("PPS") ar na gealltanais atá an t-iarratasóir toilteanach a thabhairt don Choimisiún maidir le príomhghnéithe den tseirbhís chlár. Feidhmeoidh sé mar shlat tomhais a ndéanfar feidhmíocht an iarratasóra rathúil amach anseo a thomhas agus a mheasúnú ina choinne agus, dá réir sin, beidh sé mar chuid, faoi réir tuilleadh caibidlíochta idir an Coimisiún agus an t-iarratasóir rathúil, den chonradh idir an Coimisiún agus an t-iarratasóir rathúil.

**Tabhair faoi deara:** Chinn an Coimisiún go n-áireofar le PPS gealltanais maidir le (i) bailiú sonraí i dtaca le cláir ar chúrsaí inscne, comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsithe; ar inbhuanaitheacht comhshaoil; ar litearthacht sna meáin; agus ar an nGaeilge agus (ii) gealltanas chun tacú le forbairt na gclár Gaeilge de bhun athbhreithniú reatha an Choimisiúin ar sholáthar seirbhísí agus ábhair Ghaeilge ar fud na meán uile.

### 4.3 Fealsúnacht Chraolacháin agus Éiteas Pobail

**(i)** Tabhair sonraí i bhfoirm ráitis ar fhealsúnacht agus fís fhoriomlán an Iarratasóra maidir le craolachán don tseirbhís raidió;

**(ii)** Déan cur síos ar an gcaoi a bhfreastalóidh cáilíocht, réimse, agus cineál na gclár ar an bpobal.

**(iii)** Déan cur síos ar an gcaoi a n-éascófar rochtain an phobail agus rannpháirtíocht ghníomhach agus ar an gcaoi a spreagfar iad i ngach gné de chlársceidealú na seirbhíse.

#### *An Lá Craolta*

**(i)** Sonraigh an méid seo a leanas i ndáil leis an tréimhse 07.00 – 19.00 **agus** an lá craolta ina iomláine.

- líon iomlán na n-uaireanta craolta in aghaidh an lae;
- na huaireanta de chlársceidealú beo (tús agus deireadh) in aghaidh an lae;
- na huaireanta de chlársceidealú athchraolta (tús agus deireadh) gach lá; agus
- na huaireanta de chlársceidealú réamhthaifeadta (tús agus deireadh) gach lá.

**(ii)** Tabhair le fios céatadán na n-uaireanta craolta a bheidh tiomnaithe do na nithe seo:

- cláir cheoil;
- ábhar bunaithe ar chaint;
- an nuacht agus cúrsaí reatha; agus
- cumarsáid tráchtála (fógraíocht, urraíocht).

#### *Nuacht*

**(i)** Leag amach an cur chuige atá beartaithe maidir le cláir nuachta, agus go háirithe:

- na cineálacha cláir nuachta a bheidh le craoladh (áitiúil, pobal-dhírithe, etc.), agus a n-ábharthacht don phobal;
- foinsiú na gcineálacha éagsúla nuachta; agus
- líon agus fad na bhfeasachán nuachta agus na gclár nuachta (i rith na seachtaine agus ag an deireadh seachtaine).

#### *Cláir Cúrsaí Reatha agus Cláir Phobail*

(i) Leag amach an cur chuige atá beartaithe maidir le cláir cúrsaí reatha, agus go háirithe:

- formáid, fad agus minicíocht na gclár sin (i rith na seachtaine agus ag an deireadh seachtaine); agus
- ábharthacht na gclár sin don phobal agus an chaoi a gcuirfidh sé sin le héagsúlacht na gcúrsaí reatha agus/nó na gclár sa limistéar sonraithe.

Léirigh conas a chomhlíonfaidh an t-iarratasóir an ceanglas reachtúil maidir le nuacht agus cúrsaí reatha (dhá uair an chloig de chraoladh idir 07.00 agus 19.00 agus 20% ar feadh an lae chraolta iomláin).

#### *Cláir Spóirt*

Leag amach an cur chuige atá beartaithe maidir le cláir spóirt, agus go háirithe:

- na cineálacha spóirt a bheidh le cumhdach agus a n-ábharthacht don phobal; agus
- conas a chuirfidh an clársceidealú spóirt le héagsúlacht an chlársceidealaithe spóirt atá ar fáil cheana féin sa limistéar sonraithe.

#### *Cláir Chainte*

Leag amach an cur chuige i leith cláir chainte ghinearálta nó speisialtóra nach bhfuil nuacht, cúrsaí reatha nó spórt mar fhócas acu (na healaíona agus siamsaíocht, cultúr, stair, oideachas, leasanna mionlaigh, etc.). Go háirithe, sonraigh:

- formáid (clár faisnéise, irischlár, etc.), teanga, fad, ábhar agus minicíocht (seachtainiúil, míosúil, etc.) na gclár sin;
- ábharthacht na gclár seo don phobal agus an chaoi a gcuirfidh sé sin leis an éagsúlacht clár agus/nó clár cainte atá ar fáil sa limistéar sonraithe; agus
- cláir a thacaíonn le hionadaíocht phobail, le héagsúlacht agus ionchuimsiú, leis an inbhuanaitheacht comhshaoil agus le litearthacht sna meáin, agus a chuireann na nithe sin chun cinn.

***Cláir Ghaeilge agus Cláir a bhaineann le Cultúr na hÉireann***

Tabhair le fios an méid clár agus déan cur síos ar an gcineál clár atá le craoladh:

- i nGaeilge;
- i gcás cláir[13] dhátheangacha, tabhair le fios an garmhéid Gaeilge a bheidh iontu;
- a bhaineann le cultúr na hÉireann (déan cur síos air sin).

***Clársceidealú Ceoil***

Leag amach an beartas atá beartaithe i dtaca le cláir cheoil, go háirithe:

- réimse agus cineál an cheoil atá beartaithe ar feadh an lae chraolta agus tagairt á déanamh do sheánraí, do chairteacha, do bhunúis agus/nó réanna, i gcás inarb infheidhme, lena n-áirítear sonraí faoin gcéatadán de gach cineál atá le léiriú; agus
- ábharthacht an bheartais cheoil don phobal agus conas a chuirfidh an clársceidealú ceoil le héagsúlacht an chlársceidealaithe cheoil agus/nó clársceidealú eile sa limistéar sonraithe;

***Tallann na hÉireann a Chur Chun Cinn***

Sonraigh conas a chruthóidh an tseirbhís atá beartaithe deiseanna nua do thallann na hÉireann sa cheol, sa drámaíocht agus sa tsiamsaíocht trí chomhpháirtíochtaí nó tionscnaimh phobail, trí chlársceidealú, trí léiriúchán, trí urraíocht, etc.

***Ábhar craolta a cheannach agus a dhíol***

Sonraigh an beartas atá beartaithe maidir le hábhar craolta a cheannach, a dhíol, nó a roinnt/líonrú, más infheidhme nó beartaithe, ó chraoltóirí eile agus ó sholáthraithe ábhair tríú páirtí araon.

***Tograí clársceidealaithe eile***

Más ábhartha, déan cur síos ar aon tograí clársceidealaithe eile, amhail clársceidealú i dteangacha eile nó sainchláir chainte, atá beartaithe lena gcuimsiú mar chuid den tseirbhís.

***Sceideal Clár***

Soláthair gnáthsceideal do chláir sheachtainiúla ina leagtar amach na huaireanta craolta atá beartaithe agus sonraí faoi ábhar na gclár, maille le nótaí míniúcháin ar conas a chomhlíonann na cláir na gealltanais éagsúla a leagtar amach in PPS agus, go ginearálta, éagsúlacht na gclár sa limistéar sonraithe.

[13] I gcláir dhátheangacha, féadfaidh uasmhéid 60% den ábhar a bheith i mBéarla.

## Cuid 5 – Oibríochtaí

### 5.1 Stiúideonna

Ní mór don Iarratasóir stiúideonna a chur ar fáil ar a bhfuil rochtain ag cách. Cuir an t-eolas seo a leanas ar fáil le do thoil:

- Seoladh fhoirgneamh an stiúideo agus conas a dhéanfar rochtain an phobail a chur chun cinn agus a éascú leis an suíomh sin.
- Deimhniú go ndearnadh agus/nó gur formheasadh iarratas pleanála do shaoráid an stiúideo.
- Deimhniú go mbeidh áitreabh beartaithe an stiúideo inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas.
- Líníochtaí mionsonraithe lena n-áirítear toisí na stiúideonna, na saoráidí teicniúla, na limistéar oifige agus riaracháin, agus na gcóireálacha fuaimiúla atá beartaithe.
- Leis na léaráidí, ba cheart a léiriú go bhfuil Cuid M de na Rialacháin Foirgníochta agus Treoirlínte an Údaráis Náisiúnta Míchumais maidir le Foirgnimh do Chách á gcomhlíonadh. Go háirithe, ní mór stiúideonna a dhearadh agus a thógáil chun na riachtanais maidir le cúrsaíocht stiúideo in Iarscríbhinn 1 a chomhlíonadh.
- Líníocht le toisí den leithreas do dhaoine faoi mhíchumas lena n-áirítear suíomh an dorais, an leithris agus an bháisín níocháin. Ba cheart go léireofaí sa líníocht freisin suíomh an leithris do dhaoine faoi mhíchumas i ndáil leis na limistéir stiúideo agus oifige agus an bealach ón stiúideo go dtí an leithreas do dhaoine faoi mhíchumas mura bhfuil an leithreas díreach in aice leis na limistéir stiúideo agus oifige.
- Ba cheart imlíníochtaí a sholáthar freisin ar na gcórais teasa agus aerála, agus ar an gcumhachtstáisiún fuireachais agus ar an áit a bhfuil an trealamh sin le bheith.
- Na sásraí slándála atá beartaithe chun bheith san airdeall ar rochtain neamhúdaraithe ar an stiúideo ar an aer.
- Liosta de na costais mhiondealaithe d'athchóiriú an fhoirgnimh, do thógáil stiúideo, do dhaingneáin oifige, d'fhearais, do TF, do threalamh stiúideo agus do threalamh teicniúil a bhaineann le craolachán.
- I gcásanna ina bhfuil sé beartaithe ag iarratasóir stiúideo, oifig nó trealamh ríomhaire nó foirgnimh atá ann cheana a úsáid, cuir an méid seo a leanas in iúl
    - Aois an trealaimh/na saoráidí;
    - Ionchas saoil an trealaimh; agus
    - Pleananna chun an trealamh/na saoráidí sin a ionadú agus a athchóiriú le linn shaolré aon chonartha nua

**Tabhair faoi deara:** Ní thugtar aon ráthaíocht go bhformheasfar áitribh stiúideo atá in úsáid faoi láthair ag aon chonraitheoir craolacháin fuaime lena n-úsáid faoi aon chonradh nua. Le linn d'iarratasóirí áitribh a mholadh, ní mór dóibh cloí go docht leis na ceanglais a leagtar amach sa chuid seo.
Ba cheart d'iarratasóirí na sonraí mar a iarrtar sa chuid seo a chur isteach i gcás aon stiúideonna breise/scar-rogha atá beartaithe.

### 5.2 Tarchur

Is iondúil go mbeidh an togra tarchuir bunaithe ar shuíomh aonair laistigh den limistéar saincheadúnais, lena ngabhann ERP ainmniúil 50W. Ba cheart an suíomh a bheith ar airde chuí ach gan bheith ró-ard agus, nuair a chomhcheanglaítear leis an bpatrún radaíochta aeróige é, clúdach a sholáthar don chuid is mó den limistéar atá beartaithe, fad is atá íoslaghdú á dhéanamh ar sceithchlúdach ar limistéir lasmuigh den limistéar saincheadúnais. D'fhéadfadh sé go mbeadh suíomhanna iolracha tarchuir incheadaithe de réir mhéid an limistéir saincheadúnais agus de réir na topagrafaíochta áitiúla, ach breithneofar é sin ar bhonn cás ar chás.

Cuir an t-eolas seo a leanas ar fáil le do thoil:

5.2.1 Ainm agus seoladh shuíomh beartaithe an tarchuradóra.

5.2.2 Áirítear leis an réasúnaíocht don phlean tarchurtha cur síos ginearálta ar an gclúdach beartaithe agus ar aon limistéir a fhéadfaidh glacadh imeallach nó míshásúil a fháil.

5.2.3 Ba cheart tábla de phríomh-shaintréithe teicniúla an stáisiúin tarchuradóra atá beartaithe a sholáthar san fhormáid seo a leanas:-

| **Ainm an tSuímh** | **Comhordanáidí an tSuímh** | **Airde an tSuímh os Cionn Leibhéal na Mara** | **Airde Aeróige os Cionn na Talún** | **ERP in aghaidh an POL** |
|---|---|---|---|---|
| Cnoc Beag | 123456O 123456T | 120m | 20m | 17dBW in aghaidh an POL |

Ní mór comhordanáidí an tsuímh a sholáthar i gceachtar de na formáidí seo:

- Formáid mhéadrach, i.e., Oirlínte agus Tuaidhlínte. Is féidir iad sin a chinneadh go héasca ó léarscáil de scála 1:50000.
- Formáid Domhanleithid/Domhanfhaid. Ní mór iad sin a sholáthar i gcéimeanna, nóiméid agus soicindí, e.g., 52º 14' 56" Thuaidh, 7º 45' 34" Thiar.
- Is féidir léarscáil Google/Bing ar a marcáiltear an spota le "x" a sholáthar freisin chun suíomh an tarchuradóra a shoiléiriú.

5.2.4 Cur síos ar an gcineál limistéir timpeall an stáisiúin tarchuradóra, e.g. limistéar tuaithe, uirbeach, tionscail.

5.2.5 Deimhniú ó úinéir agus/nó oibreoir na saoráide tarchuradóra gur féidir an suíomh a úsáid chun na críche seo.

An t-eolas breise seo a leanas:-

(a) Na sonraí agus an cineál córais aeróige is gá chun an patrún radaíochta atá beartaithe don stáisiún tarchuradóra a chomhlíonadh.

(b) Sonraí ar an scagaire bandabhealaigh/ar an gcóras comhcheangail agus ar an gcúplóir treoch atá beartaithe chun a chinntiú go gcomhlíonfar téarmaí an cheadúnais.

(c) Sonraí ar an bhfotha fuaime ón stiúideo go dtí an tarchuradóir.

(d) I gcásanna ina mbeartaíonn an grúpa iarratasóra lonnú ar chrann atá ann cheana nó gar do cheann, ceanglaítear eolas maidir le húinéir agus príomhúsáideoirí an chrainn chéanna.

(e) Cuir in iúl má rinneadh agus/nó má formheasadh iarratas pleanála don tsaoráid tarchurtha.

Sonraí duine atá cáilithe go cuí nó cuideachta tarchurtha atá freagrach as an tsuiteáil tarchuradóra agus cur síos ar an saineolas teicniúil leanúnach atá ar fáil don institiúid.

Ainm úinéir an tarchuradóra, nó má tá sé á fháil ar cíos, ainm na cuideachta cíosa.

Sonraí ar shuíomh fisiciúil beartaithe an trealaimh tarchuradóra. Ní mór an trealamh uile a bheith suite ar bhealach a fhágann go bhfuil rochtain air i gcomhréir le rialacháin sláinte agus sábháilteachta i ndáil le bheith ag obair go sábháilte ar airde, etc., agus go bhfuil go leor spáis ann chun trealamh tástála a úsáid go sábháilte.

(a) Leibhéal an urláir (urlár na talún, an díon etc.);

(b) Sonraí ar an rochtain staighre nó ardaitheora mura bhfuil sé ar urlár na talún;

(c) Struchtúr feistithe an tarchuradóra; agus

(d) Má tá sé lonnaithe go seachtrach, sonraí ar an gcaibinéad cásála, lena n-áirítear a uiscedhíonadh agus sonraíochtaí cosanta seaca.

5.2.6 Costais mhiondealaithe don trealamh tarchuradóra uile atá beartaithe nó, i gcás a bhfuil saoráidí á soláthar ag cuideachta tarchuradóra atá ann cheana, an costas bliantúil agus sonraí ar an leibhéal trealaimh agus seirbhíse a sholáthraítear.

5.2.7 An dteastaíonn ceadúnas RDS uait? Má theastaíonn, cén ocht gcarachtar neamhscrollaithe a úsáidfear chun an stáisiún a shainaithint ag baint úsáid as teicneolaíocht RDS?

5.2.8 Má tá áititheoirí eile ar an suíomh, tabhair sonraí ar an méid seo a leanas:

(a) Liosta de na háititheoirí uile eile;

(b) Gaireacht na n-aeróg nó na gcrann eile ag an suíomh i ndáil leis an aeróg agus leis an gcrann atá beartaithe; agus

(c) An trealamh raidió atá á úsáid ag na háititheoirí eile.

**Tabhair faoi deara:** Níl sé de cheangal ar an gCoimisiún glacadh le haon ghné de thogra tarchuir. Is faoin gCoimisiún agus ComReg atá sé athruithe a éileamh ar aon chuid den phlean tarchuir mar chuid de chaibidlíocht chonartha le haon iarratasóir rathúil.

Ba cheart breithniú cúramach a dhéanamh agus suíomhanna tarchuradóra á roghnú, go háirithe i gceantair uirbeacha, chun dí-íogrú glacadóirí inmheánacha sa cheantar máguaird a sheachaint. Ba cheart, dá bhrí sin, tarchuradóirí a lonnú ar shuíomhanna ardaithe amach ó cheantair chónaithe.

Ní mór do gach suiteáil tarchuradóra VHF-FM cloí leis na coinníollacha teicniúla a leagtar amach i nDoiciméad Teicniúil ComReg 12/04a, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ComReg ar www.comreg.ie.

## 5.3 Acmhainní (Soláthar Foirne)

Leag amach an struchtúr foirne[14] atá beartaithe i bhfoirm léaráide, agus líon agus catagóirí na mball foirne atá fostaithe chun an tseirbhís bheartaithe a oibriú agus bunús a bhfostaíochta (e.g. lánaimseartha, páirtaimseartha agus cibé acu ar phá nó ar bhonn neamhíoctha/deonach) á gcur in iúl go soiléir.

### 5.3.1 Baill Foirne ar Phá

Soláthair, i gcás inarb infheidhme:

(a) an leibhéal beartaithe tuarastail do gach post lánaimseartha agus páirtaimseartha ar phá arna shainaithint.

(b) moltaí an Iarratasóra i ndáil le baill foirne ar phá a aimsiú agus earcú.

(c) beartas caidrimh oibreachais an Iarratasóra, lena n-áirítear a bheartas maidir le ballraíocht i gceardchumann a aithint.

(d) beartais bheartaithe an Iarratasóra i ndáil le luach saothair agus sochair do bhaill foirne, lena n-áirítear scéimeanna pinsin agus árachais, etc.

(e) beartas agus straitéis bheartaithe an Iarratasóra i leith oiliúint agus forbairt foirne, lena n-áirítear an buiséad bliantúil atá beartaithe.

(f) aon scéimeanna tacaíochta fostaíochta nó oiliúna eile agus eolas faoi aon socruithe a dhéantar nó faoi ghealltanais a sholáthraítear nó a fhaightear faoi scéimeanna den chineál sin.

(g) moltaí nó beartais an Iarratasóra, más ann dóibh, maidir le rannpháirtíocht nó ionadaíocht na mball foirne ar phá faoi úinéireacht, rialú nó bainistiú an iarratasóra (*e.g.* ballraíocht san Orgán Feidhmiúcháin, Fochoistí, etc.).

(h) beartais bheartaithe an Iarratasóra (is leor liosta beartas nó nasc ar líne) i ndáil leis na baill foirne uile.[15]

### 5.3.2 Oibrithe Deonacha

Maidir le cur chuige an Iarratasóra maidir le bheith ag obair le hoibrithe deonacha pobail, ba cheart aird shonrach a thabhairt ar na táscairí sochair shóisialta sa Chreat um Shochar Sóisialta agus, i gcás inar féidir, tagairt dhíreach a dhéanamh dóibh. Ba cheart go leanfadh na táscairí Sochair Shóisialta a áirítear san iarratas an tsamhail SICRU

[14] Áirítear le soláthar foirne oibrithe deonacha agus foireann ar phá más infheidhme.
[15] Beartais agus Nósanna Imeachta um Acmhainní Daonna, i.e. Beartais agus Nósanna Imeachta Smachta, Casaoide, Am Oibre, etc.

agus ba cheart go mbeadh siad infhíoraithe agus intomhaiste mar phríomhtháscairí feidhmíochta i gcaitheamh tréimhse ar leith.

Tabhair sonraí ar an méid seo a leanas:

a) an líon oibrithe deonacha atá ann faoi láthair agus an líon atá ag teastáil chun an tseirbhís atá beartaithe a oibriú.
b) straitéisí an Iarratasóra chun oibrithe deonacha a aimsiú agus a earcú i gcaitheamh théarma an chonartha.
c) moltaí an Iarratasóra maidir le páirt a thabhairt d'oibrithe deonacha i ngach réimse d'oibriú na seirbhíse (e.g. bainistíocht, pleanáil clár, táirgeadh, cur i láthair, tiomsú airgid etc.).
d) beartais bheartaithe an Iarratasóra (is leor liosta beartas nó nasc ar líne a chur ar fáil) maidir leis na baill foirne agus na hoibrithe deonacha uile.
e) moltaí nó beartais an Iarratasóra, más ann dóibh, maidir le rannpháirtíocht nó ionadaíocht na n-oibrithe deonacha faoi úinéireacht, rialú nó bainistiú an iarratasóra (e.g. comhaltas den Orgán Feidhmiúcháin, Fochoistí, etc.)
f) moltaí an Iarratasóra maidir le hoiliúint a chur ar oibrithe deonacha, tacú leo, agus iad a fhorbairt, lena n-áirítear an buiséad bliantúil atá beartaithe.
g) aon scéimeanna tacaíochta fostaíochta nó oiliúna eile agus eolas faoi aon socruithe a dhéantar nó faoi ghealltanais a sholáthraítear nó a fhaightear faoi scéimeanna den chineál sin.

## Cuid 6 – Cúrsaí Airgid agus Plean Gnó

### 6.1 Straitéis Fhoriomlán Airgeadais

Tabhair sonraí ar an straitéis airgeadais atá beartaithe i gcaitheamh na chéad tréimhse trí bliana. Ní mór sonraí a thabhairt sa straitéis maidir le conas a bheartaíonn an t-iarratasóir maoiniú breise réamhoibríochtúil (má theastaíonn) agus maoiniú ina dhiaidh sin a chomhlíonadh ceanglais chun an t-aistriú chuig seirbhís lánaimseartha a éascú (más ábhartha).

### 6.2 Togra Infheistíochta

Tabhair sonraí ar na ceanglais maidir le maoiniú iomlán agus conas a chomhlíonfar iad, ag comhlánú Táblaí A agus B.

| Tábla A – Maoiniú | € |
|---|---|
| Scairchaipiteal/Síntiúis na gComhaltaí | |
| Iasachtú Meántéarmach/Fadtéarmach | |
| Saoráidí Léasaithe/FC (luach caipitiúil) | |
| Deontais | |
| Tiomsú airgid | |
| Rótharraingt Bhainc | |
| Eile (sonraigh) | |
| IOMLÁN | €0.00 |

| Tábla B – Caiteachas | € |
|---|---|
| Caiteachas Caipitiúil (lena n-áirítear luach caipitiúil léasanna) | |
| Caiteachas Réamhoibríochtúil Eile | |
| Caipiteal Oibre (ag dáta ar an aer) | |
| IOMLÁN | €0.00 |

### 6.3 Foinsí Maoinithe agus Caiteachais.

(i) Tabhair sonraí ar na straitéisí chun ioncam a ghiniúint ó na foinsí éagsúla maoinithe a leagtar amach i dTábla A.

(ii) Soláthair na sonraí seo a leanas i dtaca le hiasachtaí beartaithe:

- Méid, cineál agus fad na saoráide;
- An sceideal chun í a tharraingt anuas;
- Aon urrús nó ráthaíocht a theastaíonn chun tacú leis an tsaoráid;
- Príomhchúnaint/Coinníollacha roimhe seo;
- Barántais/gealltanais i gcás mainneachtana;
- An t-achar ama chun na saoráidí a chur i bhfeidhm.

(iii) Tabhair sonraí faoin maoiniú a bheidh ar fáil roimh theacht i bhfeidhm an chonartha, roimh sheoladh na seirbhíse, agus dá éis sin.

(iv) Leag amach an cion den soláthar caiteachais chaipitiúil arna leithdháileadh ar tharchur, foirgnimh stiúideo, trealamh stiúideo, feistiú oifige, agus costais eile.

### Réamh-mheastacháin Airgeadais

Soláthair na nithe seo a leanas:

- cuntais ioncaim agus chaiteachais réamh-mheasta agus mhionsonraithe le haghaidh na gcéad trí bliana, ina ndéantar na foinsí éagsúla ioncaim (e.g. fógraíocht, urraíocht, tiomsú airgid, deontais, etc.) agus na foinsí caiteachais de réir an réimse oibríochta nó gníomhaíochta (soláthar foirne, clársceidealú, etc.) a shainaithint go soiléir.
- cláir chomhardaithe réamh-mheasta le haghaidh na gcéad trí bliana.
- liosta iomlán de na toimhdí bunúsacha ar a bhfuil na réamh-mheastacháin airgeadais bunaithe, agus na toimhdí sin á nascadh go soiléir le codanna eile den iarratas.
- na bearta a dhéanfar mura mbainfear amach na réamh-mheastacháin airgeadais (e.g. chun aghaidh a thabhairt ar easnamh nó ar iasachtaí méadaithe i gcaitheamh théarma an chonartha).

## Cuid 7 – Tús Beartaithe an Chraolacháin

### 7.1 Dáta Ullmhachta


Sonraigh an dáta tosaithe atá beartaithe don tseirbhís.

### 7.2 Anailís rébhealaigh

Sainaithin gach gníomh agus cinneadh agus an t-achar ama a bhaineann leo nach mór don iarratasóir a dhéanamh ón uair a bhronntar an conradh craolacháin fuaime pobail go dtí an dáta a rachfar ar an aer.

## Iarscríbhinn 1 - Riachtanais Stiúideo

### Riachtanais maidir le Cúrsaíocht Stiúideo




Taispeántar le Fíor 1 na toisí riachtanacha chun críocha inrochtaineachta i ngnáthstiúideo.

Seo a leanas íosluachanna agus luachanna molta A, B & C.

Is é 750mm luachanna íosta A & B.

Ba cheart go mbeadh A & B 1.2m ar a laghad.

Má tá ceachtar A nó B níos lú ná 1.2m, beidh caschiorcal 1.5m ar fad ag teastáil ag suíomh an láithreora taobh thiar den deasc.

Is é 1.2m íosluach C.

Go hidéalach, ba cheart go mbeadh caschiorcal 1.5m ann os comhair na deisce.

## Iarscríbhinn 2 – Maitrís Shamplach Scórála

**Conradh Craolacháin Fuaime Pobail**

**Limistéar saincheadúnais: [limistéar]**

| Úinéireacht, Rialachas agus Bainistíocht (130 pointe) | | Ualú | An Scór atá ar Fáil | An Scór a Bronnadh |
|---|---|---|---|---|
| 66(2)(a) | Carachtar, saineolas agus taithí an iarratasóra nó, más comhlacht corpraithe an t-iarratasóir, carachtar, saineolas agus taithí an chomhlachta agus a stiúrthóirí, a bhainisteora, a rúnaí nó oifigigh chomhchosúil eile agus a chuid comhaltaí agus na ndaoine siúd atá i dteideal úinéireacht thairbhiúil ar a scaireanna. | 4 | 20 | |
| 66(2)(g) | A inmhianaithe atá sé a cheadú d'aon duine, nó d'aon ghrúpa daoine, rialú nó leas substaintiúil a bheith aige nó acu ar líon míchuí seirbhísí craolacháin fuaime ar ina leith a bronnadh conradh craolacháin fuaime faoin gCuid seo. | 2 | 10 | |
| 66(2)(h) | A inmhianaithe atá sé a cheadú d'aon duine, nó d'aon ghrúpa daoine, rialú nó leas substaintiúil a bheith aige nó acu ar líon míchuí seirbhísí craolacháin fuaime sa limistéar a shonraítear san fhógra. | 3 | 15 | |
| 66(2)(i) | A inmhianaithe atá sé a cheadú d'aon duine, nó d'aon ghrúpa daoine, rialú nó leas substaintiúil a bheith aige nó acu ar mhéid míchuí de na meáin chumarsáide sa limistéar a shonraítear leis an bhfógra. | 3 | 15 | |
| 66(4) | Cáilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra i dtaca le seirbhís chraolacháin arna soláthar aige nó aici faoi aon chonradh craolacháin ina sheilbh nó ina seilbh ar an dáta a dhéantar an t-iarratas, nó roimh an dáta sin. | 2 | 10 | |
| **Clársceidealú (210 pointe)** | | | | |
| 66(2)(c) | Cáilíocht, cineál agus réimse na gclár atá beartaithe ag gach iarratasóir a sholáthar nó, mura bhfuil ann ach iarratasóir amháin, atá beartaithe ag an iarratasóir sin a sholáthar. | 8 | 40 | |
| 66(2)(d) | Cainníocht, cáilíocht, cineál agus réimse na gclár Gaeilge agus méid na gclár a bhaineann le cultúr na hÉireann atá beartaithe lena soláthar. | 6 | 30 | |
| 66(2)(e) | A mhéid a dhéanfaidh an t-iarratasóir deiseanna nua a chruthú laistigh den tseirbhís chraolacháin atá beartaithe le haghaidh daoine a bhfuil buanna acu sa cheol, sa drámaíocht agus sa tsiamsaíocht, agus go háirithe deiseanna i leith chultúr na hÉireann. | 6 | 30 | |
| 66(2)(f) | A inmhianaithe atá sé éagsúlacht seirbhísí a bheith ann sa limistéar a shonraítear san fhógra chun freastal ar réimse fairsing ábhar is díol spéise, lena n-áirítear ábhair is díol spéise do leasanna mionlaigh. | 8 | 40 | |
| 66(2)(j) | A mhéid a dhéanfar na nithe seo a leanas leis an tseirbhís atá beartaithe:<br>(i) freastalaíonn sí ar phobail áitiúla inaitheanta agus tacaíonn na leasanna éagsúla sa phobal léi, nó<br>(ii) freastalaíonn sí ar phobail chomhleasa | 8 | 40 | |
| 66(2)(k) | Aon nithe eile a mheasann an Coimisiún a bheith riachtanach chun forbairt rianúil ar sheirbhísí craolacháin fuaime a áirithiú, agus, sa chás seo, a mhéid a thacaíonn agus a rannchuidíonn ábhar cláir leis an méid seo a leanas a chur chun cinn - (i) inscne, comhionannas, éagsúlacht, agus ionchuimsiú, (ii) inbhuanaitheacht comhshaoil, agus (iii) litearthacht sna meáin. | 4 | 20 | |
| 66(2)(k): | Aon nithe eile a mheasann an Coimisiún a bheith riachtanach chun forbairt rianúil ar sheirbhísí craolacháin fuaime a áirithiú, agus, sa chás seo, na socruithe comhlíontachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonann an clársceidealú na hoibleagáidí reachtúla agus conarthacha uile. | 2 | 10 | |
| 66(3) | Le linn breithniú a dhéanamh ar a oiriúnaí atá aon iarratasóir le conradh craolacháin fuaime a bhronnadh air chun seirbhís chraolacháin fuaime a sholáthar i leith limistéar a chuimsíonn limistéar Gaeltachta, beidh aird ar leith ag an gCoimisiún ar leanúint agus ar chur chun cinn na Gaeilge mar theanga labhartha | 4 | 20 | |
| 66(4) | Cáilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra i dtaca le seirbhís chraolacháin arna soláthar aige nó aici faoi aon chonradh craolacháin ina sheilbh nó ina seilbh ar an dáta a dhéantar an t-iarratas, nó roimh an dáta sin | 2 | 10 | |

| An Pobal ar a bhFreastalófar agus Sochar Sóisialta (50 pointe) | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 66(2)(k) | Is é an t-aon chuspóir amháin a bhainfidh le bunábhar clár a sholáthar de bhun an chonartha ná díriú go sonrach ar leasanna an phobail lena mbaineann, agus féachaint le sochar sóisialta a sholáthar dó. (64(b)(i)). | 8 | 40 | |
| 66(4) | Cáilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra i dtaca le seirbhís chraolacháin arna soláthar aige nó aici faoi aon chonradh craolacháin ina sheilbh nó ina seilbh ar an dáta a dhéantar an t-iarratas, nó roimh an dáta sin. | 2 | 10 | |
| **Oibríochtaí** (Stiúideonna agus Tarchur agus Acmhainní) **(50 pointe)** | | | | |
| 66(2)(k) | Aon nithe eile is gá chun forbairt rianúil ar sheirbhísí craolacháin a áirithiú<br>(i) Leordhóthanacht na saoráidí stiúideo agus tarchurtha<br>(ii) Oiriúnacht na dtograí tarchuir | 4 | 20 | |
| 66(2)(k) | Aon nithe eile is gá chun forbairt rianúil ar sheirbhísí craolacháin a áirithiú (Acmhainní Soláthair Foirne) | 4 | 20 | |
| 66(4) | Cáilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra i dtaca le seirbhís chraolacháin arna soláthar aige nó aici faoi aon chonradh craolacháin ina sheilbh nó ina seilbh ar an dáta a dhéantar an t-iarratas, nó roimh an dáta sin | 2 | 10 | |
| **Cúrsaí Airgid agus Plean Gnó (60 pointe)** | | | | |
| 66(2)(b) | Leordhóthanacht na n-acmhainní airgeadais a bheidh ar fáil do gach iarratasóir agus a mhéid a thagann an t-iarratas le dea-phrionsabail ghnó agus eacnamaíochta | 6 | 30 | |
| 62(2)(k) | Is é an t-aon chuspóir amháin a bhainfidh le bunábhar clár a sholáthar de bhun an chonartha ná bronnadh airgid a bhaint amach nach mó ná a bhfuil gá leis le réasún chun íoc as na costais a thabhófar le linn an bunábhar sin a sholáthar. (64(b)(ii)) | 4 | 20 | |
| 66(4) | Cáilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra i dtaca le seirbhís chraolacháin arna soláthar aige nó aici faoi aon chonradh craolacháin ina sheilbh nó ina seilbh ar an dáta a dhéantar an t-iarratas, nó roimh an dáta sin | 2 | 10 | |

**500**

***Ní mór don Iarratasóir 50% ar a laghad a scóráil faoi gach critéar chun cáiliú le conradh a bhronnadh air nó uirthi***

**Coimisiún na Meán**

1 Foirgnimh Shíol Bhroin,

Bóthar Shíol Bhroin

Baile Átha Cliath 4

D04 NP20

Éire

Teileafón:  01 644 1200

Ríomhphost: info@cnam.ie
Suíomh Gréasáin: www.cnam.ie